2026/863

4.8.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/863 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Aibreán 2026

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 maidir le scrúdú a dhéanamh ar athruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ([1]), agus go háirithe Airteagal 23b(2a) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach ([2]), agus go háirithe Airteagal 16a(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Bulgáirise, Eastóinise, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise agus Polainnise de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 ón gCoimisiún ([3]), tá earráid in Airteagal 20(1), a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid dhlíthiúil atá ar shealbhóir an údaraithe margaíochta an nós imeachta um chomhroinnt na hoibre a leagtar síos i míreanna 3 go 9 den Airteagal sin a leanúint. Leis an earráid, déantar brí na forála a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Bulgáirise, Eastóinise, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise agus Polainnise de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 311, 28.11.2001, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/83/oj.
([2]) IO L 136, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/726/oj.
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2008 maidir le scrúdú a dhéanamh ar athruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta do tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 334, 12.12.2008, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1234/oj).